
Gníomhaíochtaí

# Seachtain na Leabhar

Cruthaigh ribín marcála le taispeáint duit cén áit ar stop tú ag léamh i do leabhar. Dathaigh agus maisigh é.




Cá mhéad focal is féidir leat a chruthú amach as na litreacha sa mhana seo? "Rialacha ar bith. Ach amháin, bí ag léamh!"




## Cuardach Scéil:

Bailigh rudaí éagsúla i do theach / rang a thugann leideanna faoi scéal / leabhar áirithe. An bhfuil a fhios ag do chairde cén scéal / leabhar atá ann?




## Taispeáin dúinn!

Cuir amadóir ar obair ar feadh 5 bhomaite. Anois, tarraing an príomhcharachtar agus suíomh ón leabhar is fearr leat. An mbeidh do chairde in ann a rá cén leabhar atá ann?




## Bí i d'aisteoir!

Cruthaigh masc do charachtar as leabhar is maith leat agus léigh amach cuid de na línte a deir sé / sí sa scéal.



## Liosta is fearr

Scríobh síos liosta de na 5 leabhar is fearr leat. Cuir do liosta i gcomparáid le liosta do ranga. Cad iad na 5 leabhar is fearr leis an rang iomlán?



## Cuir síos air

Pioc carachtar nó suíomh as leabhar is maith leat. Scríobh síos aidiachtaí a chuireann síos air / uirthi nó ar an áit. Úsáid foclóir / teasáras le cuidiú leat. Cá mhéad focal ar féidir leat smaoineamh orthu?



## Ar iarraidh!

Ba mhaith leis na gardaí labhairt le bithiúnach ó scéal. Cén carachtar atá ann agus cad é atá déanta aige / aici? Dear póstaer eolais faoi / fúithi.

